**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: orals@examinations.ie

**S82/18**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal**

## An Bhéaltriail chomónta Ghaeilge san Ardteistiméireacht ó 2020 ar aghaidh

Dírítear aird na n-údarás scoile agus na múinteoirí Gaeilge ar an leasú seo a leanas a dhéanfar ar leagan amach na Béaltrialach Comónta san Ardteistiméireacht in 2020 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Déanfar An Comhrá Ginearálta mar Chuid a Trí den Bhéaltriail chomónta agus an tSraith Pictiúr mar Chuid a Ceathair den scrúdú.

Tá an leasú seo á dhéanamh le gur fearr a bheidh aidhmeanna an tSiollabais agus leagan amach na Béaltrialach ag freagairt dá chéile trí chaoi níos fearr a thabhairt don iarrthóir idirghníomhú leis an scrúdaitheoir, agus ar an dóigh sin, tuilleadh deiseanna a thabhairt don iarrthóir a chuid Gaeilge labhartha a léiriú fad is go gcinntítear go mbainfear amach an chothromaíocht idir ceithre mhír na Béaltrialach.

| **An Bhéaltriail** | | **Am (15 nóiméad)** | **Marcanna (240 marc)** |
|---|---|---|---|
| 1 | An Fáiltiú | 1 nóiméad | 5 |
| 2 | Léamh na Filíochta | 2 nóiméad | 35 |
| 3 | An Comhrá Ginearálta | 8 nóiméad | 120 |
| 4 | An tSraith Pictiúr | 4 nóiméad | 80 |
| | | **15** nóiméad | **240** |

Ní bheidh aon athrú ar riar na marcanna a leagadh síos do na codanna éagsúla in Imlitir S90/2010 (atá ar fáil ag www.examinations.ie). Cloífear leis an achar ama, oiread agus is féidir, do gach ceann de na míreanna éagsúla den Bhéaltriail mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

**An Fáiltiú (5 mharc):**
Sonraí pearsanta a bheidh á lorg san fháiltiú: cúig mhír eolais – ainm, aois, seoladh baile, dáta breithe, scrúduimhir.

**Léamh na Filíochta (35 marc):**
Iarrfar ar na hiarrthóirí ceann amháin de na cúig dhán *ainmnithe* ón gcúrsa comónta litríochta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) a aithris nó a léamh os ard. Inniúlacht an iarrthóra maidir le tuiscint ar an dán, le cruinneas foghraíochta agus le rithim na cainte a bheidh á dtástáil sa chuid seo. An scrúdaitheoir a roghnóidh an dán **agus** na véarsaí atá le léamh. Beidh cead ag an iarrthóir a chóip féin den dán a úsáid. Ní thabharfar aon am don iarrthóir an t-ábhar a ullmhú istigh sa scrúdú. Nó go bhfógrófar a mhalairt is iad na dánta atá i gceist: *Géibheann* (an dán go léir); *Colscaradh* (an dán go léir); *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)* (trí véarsa ar bith as an dán); *An tEarrach Thiar* (dhá véarsa ar bith as an dán); *An Spailpín Fánach* (dhá véarsa ar bith as véarsaí 1, 2, 3). Meabhraítear do na múinteoirí agus do na hiarrthóirí go bhfuil staidéar le déanamh ar na véarsaí uile sna dánta mar atá leagtha amach thuas agus go mbeidh na véarsaí uile sin san áireamh sa Bhéaltriail agus sa scrúdú scríofa.

| Aicme | Marc |
|---|---|
| Sármhaith | 29-35 |
| An-mhaith | 24-28 |
| Maith | 19-23 |
| Measartha | 14-18 |
| Lag | 9-13 |
| An-lag | 0-8 |

**An Comhrá Ginearálta (120 marc):**
Comhrá ginearálta a bheidh sa tríú cuid den scrúdú. Tosófar leis an ngarthimpeallacht ach leathnófar ábhar an chomhrá amach ag brath ar chumas an iarrthóra. 75 marc a bheidh ag gabháil leis an Stór Gaeilge (inniúlacht an iarrthóra ar réimse agus ar fhairsinge an stóir focal atá aige/aici a léiriú), 45 marc ag gabháil leis an gCumas Gaeilge (líofacht agus cruinneas na Gaeilge).

| Aicme | Stór Gaeilge (75 marc) | Cumas (45 marc) |
|---|---|---|
| Sármhaith | 64-75 | 39-45 |
| An-mhaith | 53-63 | 32-38 |
| Maith | 42-52 | 25-31 |
| Measartha | 30-41 | 18-24 |
| Lag | 19-29 | 12-17 |
| An-lag | 0-18 | 0-11 |

**An tSraith Pictiúr (80 marc):**
Beidh fiche leathanach A4 ann a mbeidh sraith de shé phictiúr ar gach leathanach díobh. Roghnóidh an t-iarrthóir ceann amháin as an bhfiche sraith go randamach istigh sa scrúdú. Tabharfar sos gearr ullmhúcháin don iarrthóir.
Dhá chuid a bheidh anseo:

(i) Cuntas tuairisciúil ón iarrthóir ar ábhar na bpictiúr éagsúil ar an leathanach A4 a roghnaítear. (50 marc) Treoróidh an scrúdaitheoir an t-iarrthóir chun a dheimhniú go leanfar ar aghaidh leis an gcuntas tuairisciúil trí na sé phictiúr sa tsraith taobh istigh den achar ama.
(ii) Idirghníomhaíocht idir an scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir a bheidh anseo. Beifear ag súil leis go mbeidh sé ar chumas an iarrthóra ceisteanna a chur bunaithe ar ábhar na sraithe áirithe sin chomh maith le ceisteanna a fhreagairt. (10 marc)

Déanfar measúnú ar chumas Gaeilge an iarrthóra bunaithe ar an gcuntas tuairisciúil ón iarrthóir mar aon leis na ceisteanna a chuirfidh agus a fhreagróidh an t-iarrthóir.

| Aicme | Stór Gaeilge (50 marc) | Cumas (20 marc) |
|---|---|---|
| Sármhaith | 42-50 | 17-20 |
| An-mhaith | 35-41 | 14-16 |
| Maith | 27-34 | 11-13 |
| Measartha | 20-26 | 8-10 |
| Lag | 12-19 | 5-7 |
| An-lag | 0-11 | 0-4 |

Déanfar fiche Sraith Pictiúr a mbeidh sé phictiúr ar gach ceann díobh a eisiúint do scoileanna i mí Mheán Fómhair gach bliain.

**Béaltriail an Bhonnleibhéil:**
Ní bheidh aon athrú ar an mBéaltriail ag an mBonnleibhéal.

Mairfidh an Bhéaltriail seo idir 8 agus 10 nóiméad, mar a tharlaíonn faoi láthair. Beidh an cur chuige céanna agus na critéir mheastóireachta chéanna i bhfeidhm.

Beidh an comhrá bunaithe ar na ceithre bhloc seo:

Bloc 1: An teaghlach agus áit chónaithe.
Bloc 2: An scoil agus cúrsaí scoile.
Bloc 3: Caitheamh aimsire.
Bloc 4: Laethanta saoire; am agus aimsir; obair.

Déanfar na bloic a mharcáil as 50 marc (50 marc × 4 = 200) ar chumas cumarsáide agus déanfar an cumas Gaeilge a mharcáil as 40 marc. Beidh iarracht an iarrthóra á luacháil ó leibhéal sármhaith go leibhéal an-lag mar a léirítear thíos.

Meabhraítear do mhúinteoirí agus do scoláirí go bhfuil cur chuige ar leith ag baint leis an scrúdú seo; ní leagan simplí é den scrúdú Ardleibhéil/Gnáthleibhéil. Ról tánaisteach a bheidh ag an iarrthóir.

| **Aicme** | **Stór Gaeilge (50 marc)** | **Cumas (40 marc)** |
|---|---|---|
| Sármhaith | 43-50 | 34-40 |
| An-mhaith | 35-42 | 28-33 |
| Maith | 28-34 | 22-27 |
| Measartha | 20-27 | 16-21 |
| Lag | 12-19 | 10-15 |
| An-lag | 0-11 | 0-9 |

Cuirtear an ciorclán seo faoi bhráid na múinteoirí ar fad atá ag plé le Gaeilge na hArdteistiméireachta i do scoil, le do thoil. Má tá aon cheist agat faoi seo, déan teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2741/42/45, le do thoil.

Clodagh Carroll
Ard Oifigeach Feidhmiúcháin
Deireadh Fómhair 2018

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: orals@examinations.ie

**S82/18**

**To: Management Authorities of Second Level Schools**

**The Leaving Certificate Irish Common Oral Examination for 2020 and thereafter**
The attention of school authorities and teachers of Irish is directed to the following adjustment which will be made in respect of the structure of the Common Oral examination at Leaving Certificate for the 2020 examinations and thereafter.

The General Conversation will be conducted as Part three of the common oral examination followed by the Picture Series as Part four of the examination.

The rationale for this adjustment is to improve the harmonisation between the Syllabus aims and the structure of the oral assessment by providing a greater opportunity for candidate-examiner interaction, thereby giving greater scope to the candidate to display his/her oral competence in Irish while ensuring a balance between the four elements of the oral examination is achieved.

| **The Oral Test** | | **Duration (15 minutes)** | **Marks (240 marks)** |
|---|---|---|---|
| 1 | Reception | 1 minute | 5 |
| 2 | Poetry Reading | 2 minutes | 35 |
| 3 | General Conversation | 8 minutes | 120 |
| 4 | Picture Sequences | 4 minutes | 80 |
| | | **15** minutes | **240** |

There will be no change to the mark allocation for each section as set out in Circular S90/2010 (which is available at www.examinations.ie). The time allocation for each element will, as far as possible, be adhered to as set out in the table above.

**Reception (5 marks):**
Personal details to be sought during the reception: five items of information – name, age, home address, date of birth, examination number.

**Poetry Reading (35 marks):**
Candidates will be asked to recite or read aloud one of the five *prescribed* poems from the common literature course (Ordinary Level and Higher Level). This will be a test of the candidate's ability to understand the poem, and of the accuracy of pronunciation and rhythm of speech. The examiner will choose the poem **and** the verses to be read. The candidate may use his/her own copy of the poem. No time will be allowed to the candidate for the preparation of the subject matter during the examination. Until the contrary is announced the poems in question are: *Géibheann* (the complete poem); *Colscaradh* (the complete poem); *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)* (any three verses from the poem); *An tEarrach Thiar* (any two verses from the poem); *An Spailpín Fánach* (any two verses from Verses 1, 2, 3). Teachers and candidates are reminded that all verses as set out above are to be studied and that all these verses will be taken into account in the Oral Test and in the written examination.

| Class | Mark |
|---|---|
| Excellent | 29-35 |
| Very Good | 24-28 |
| Good | 19-23 |
| Fair | 14-18 |
| Weak | 9-13 |
| Very Weak | 0-8 |

**General Conversation (120 marks):**
The third part of the examination will be general conversation. It will begin with the immediate environment but the subject matter of the conversation will be extended depending on the candidate's ability. 75 marks will be allotted to the Irish repertoire (the competence of the candidate to demonstrate the range and extent of his/her vocabulary), 45 marks will be allotted to ability in Irish (fluency and accuracy in Irish).

| Class | Repertoire (75 marks) | Ability (45 marks) |
|---|---|---|
| Excellent | 64-75 | 39-45 |
| Very Good | 53-63 | 32-38 |
| Good | 42-52 | 25-31 |
| Fair | 30-41 | 18-24 |
| Weak | 19-29 | 12-17 |
| Very Weak | 0-18 | 0-11 |

**The Picture Series (80 marks):**
There will be twenty A4 pages of pictures with a series of six pictures on each page. The candidate will choose at random one from the twenty series in the examination. The candidate will be given a short preparation time.
There will be two parts in this section:
(i) Descriptive account from the candidate on the series of pictures on the chosen A4 page. (50 marks). The examiner will guide the candidate to ensure that the narrative discourse proceeds through the six pictures within the timeframe.
(ii) Interaction between the examiner and the candidate. It is intended that the candidate and the examiner will ask one another questions about the subject matter of the particular series. (10 marks)

It should be noted that the candidate's ability will be assessed on both the descriptive narration and the questions asked and answered by the candidate.

| Class | Repertoire (50 marks) | Ability (20 marks) |
|---|---|---|
| Excellent | 42-50 | 17-20 |
| Very Good | 35-41 | 14-16 |
| Good | 27-34 | 11-13 |
| Fair | 20-26 | 8-10 |
| Weak | 12-19 | 5-7 |
| Very Weak | 0-11 | 0-4 |

Twenty Picture Series with a series of six pictures on each will be issued to schools in September each year.

**Foundation Level Oral Examination:**
There will be no change to the Oral examination at Foundation level.

The duration of the Oral Test will be between 8 and 10 minutes, as at present. The same procedure and assessment criteria will be followed.

The conversation will be based on these four blocks:

Block 1: The family and the home.
Block 2: School and school matters.
Block 3: Pastimes.
Block 4: Holidays; time and weather; work.

The blocks will be marked out of 50 marks (50 marks x 4 = 200) on ability to communicate, and competence in Irish will be marked out of 40 marks. The effort of the candidate will be assessed from the level excellence to the level very weak as shown below.

Teachers and students are reminded that the examination follows a particular procedure; it is not a simple version of the Higher Level/Ordinary Level examination. The role of the candidate will be secondary.

| **Class** | **Repertoire (50 marks)** | **Ability (40 marks)** |
|---|---|---|
| Excellent | 43-50 | 34-40 |
| Very Good | 35-42 | 28-33 |
| Good | 28-34 | 22-27 |
| Fair | 20-27 | 16-21 |
| Weak | 12-19 | 10-15 |
| Very Weak | 0-11 | 0-9 |

Please bring this circular to the attention of all teachers of Leaving Certificate Irish in your school. If you have any queries please contact the State Examinations Commission at 090 644 2741/42/45.

Clodagh Carroll
Higher Executive Officer
October, 2018